



**Tithe an
Oireachtais**
**Houses of the
Oireachtas**

Prótacal do dhaoine a bheidh ag tabhairt fianaise do choistí Thithe an Oireachtais

Clár an Ábhair

Réamhrá	2
Aidhmeanna	2
Prionsabail	3
Cuspóir an Chruinnithe.....	3
Cumarsáid le Finnéithe.....	3
Ráitis i Scríbhinn.....	4
Ag an gCruinniú.....	5
Ról an Chathaoirligh.....	5
Pribhléid	6
Ceartha Daoine a shainaitheofar ó do chuid fianaise.....	5
An t-ionchas a bheidh ag an gcoiste i leith finnéithe.....	6
Mar a chaithfear le finnéithe.....	6
Teacht i láthair ag cruinnithe agus cruinnithe a chraoladh.....	8
Féadfaidh duine a bheith i dteannta finnéithe.....	8
Nithe ilghnéitheacha is iomchuí maidir leis an gcruinniú a thionól.....	8
Tar éis an Chruinnithe.....	8
Fianaise a Fhoilsiú.....	9
Tuilleadh fianaise.....	9
An tuarascáil ón gCoiste.....	9

Réamhrá

1. Baineann an Prótacal seo le finnétithe¹ a n-iarrtar orthu láithriú os comhair Coistí Oireachtais nó doiciméid a sholáthar dóibh le linn dóibh a bheith ag gabháil do “*gnó eile coiste*.”² Más rud é gur ordáíodh duit (.i. gur cuireadh iallach ort) faoi Chuid 7 den Acht Fiosrúchán teacht i láthair os comhair Coiste nó fianaise a thabhairt nó doiciméid a sholáthar do Choiste, iarrtar ort an Prótacal seo a léamh i gcomhar leis na *Treoirlínte d’Fhinnétithe maidir le hInordaitheacht*.³

2. Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir leis an gCoiste áirithe a mbeidh tú ag tabhairt cúnamh dó, féach www.oireachtas.ie, áit a bhfaighidh tú mionsonraí ginearálta faoin gCoiste, mar aon lena Théarmaí Tagartha.⁴ Leagtar amach sna Téarmaí Tagartha, i measc nithe eile, cumhachtaí agus réimsí sainchúraim áirithe de chuid an Choiste.

3. Déileálfar sa Phrótacal seo leis na nithe seo a leanas:

- cén t-ionchas a bhíonn ag Coiste i leith finnétithe;
- cearta agus freagrachtaí finnétithe agus na hiarmhairtí a d’fhéadfadh a bheith ann dá mainneofaí na freagrachtaí sin a chomhlíonadh; agus,
- an t-ionchas is féidir a bheith ag finnétithe maidir leis an gCoiste agus leis an bhfoireann a bheidh ag gníomhú thar a cheann nó mar thaca leis thairis sin.

4. Beartaítear go mbeidh an doiciméad seo ina chúnamh d’fhinnétithe le linn dóibh a bheith ag plé le Coiste. **Ní airbheartaítear gur léirmhíniú dlíthiúil é ar an Acht Fiosrúchán ná ar aon reachtaíocht eile a luaitear ann. Ní ceart an doiciméad seo a úsáid in ionad comhairle dlí. Ní bheartaítear go mbeidh éifeacht dhlíthiúil cheangailteach leis an bPrótacal seo.**

5. Tá an doiciméad seo ceadaithe ag an gCoiste um Nósanna Imeachta agus Pribhléidí de chuid na Dála agus tá sé faoi réir athbhreithniú tréimhsiúil.

Aidhmeanna

6. Dearadh an Prótacal seo chun a chinntiú:

(1) go mbeidh ar do chumas lánchúnamh a thabhairt don Choiste le linn dó a shainchúram a chomhall go héifeachtúil éifeachtach agus de réir mar is cuí leis an gCoiste;

(2) go bhfuil tú ar an eolas i dtaobh na nithe seo a leanas:

(a) conas a sheolfaidh an Coiste a ghnó, a mhéid a bhaineann sé sin leis an gcuspóir atá le do theacht i láthair;

(b) conas a dhéanfar do theacht i láthair a bhainistiú;

(c) do chearta agus pribhléidí mar fhinné agus conas a chuirfear i bhfeidhm iad go praiticiúil;

(d) stádas do chuid fianaise (i.e. conas a fhéadfar í a úsáid); agus,

(e) cibé acu a dhéanfar nó nach ndéanfar tú a shainaithint agus an i seisiún poiblí nó i seisiún

¹ Mar áis, gairtear “finnétithe” ar fud an doiciméid seo de dhaoine a thugann fianaise don Choiste agus de dhaoine a láithríonn os comhair Coiste thairis sin.

² Féach a.2 den Acht um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta), 2013 (“an tAcht Fiosrúchán”). Gairtear “gnó eile Coiste” go minic de ghnáthghnó coiste, agus is é is brí leis gnó coiste den uile chineál seachas Fiosrúcháin de chuid Chuid 2.

³ I gcás aon choimhlínite, is ceart tosaíocht a thabhairt do na Treoirlínte d’Fhinnétithe maidir le hInordaitheacht.

⁴ Dá ngairtear freisin “Orduithe Tagartha”.

príobháideach a thabharfaidh tú fianaise;

(3) go mbeidh muinín agat go gcaithfear leat go cothrom, le meas agus tuiscint, agus go ndéanfar d'fhianaise a mheas ar a tuillteanais amháin;

(4) gur féidir leis an bpobal a bheith muiníneach, agus gach rochtain is réasúnach acu ar an bhfianaise agus ar an bhfaisnéis eile ar a mbeidh tuairimí agus moltaí an Choiste bunaithe, as an slí a seoltar cruinnithe agus as na conclúidí a chinneann agus na moltaí a dhéanann an Coiste; agus,

(5) go léirítear meas ar dhea-chlú na ndaoine a láithríonn os comhair an Choiste, agus ar an bhfaisnéis a thugann siad agus go ndéileáiltear go cuí leo thairis sin.

Prionsabail

7. Tá na Coistí tiomanta dá ngnó a dhéanamh ar mhodh ar a gcothófar agus ar a gcoimeádfar muinín an phobail as oibiachtúlacht agus cothromas na gCoistí. Féachfaidh na Coistí lena chinntiú go bhfuil na cruinnithe a bhíonn acu chomh hoscailte is féidir, agus iad á aithint gurb é sin ceann de na slí is fearr a thabharfaidh ar an bpobal muinín a bheith acu as ionracas agus neamhspleáchas phróiseas na gCoistí.

8. Ar mhaithe leis an oscailteacht agus leis an trédhearcacht, is ceart an fhianaise go léir a thugtar os comhair Coistí a thabhairt go poiblí, mura rud é go bhfuil cúiseanna dosháraithe ann leis an bhfianaise a ghlacadh i seisiún príobháideach. Is faoin gCoiste amháin atá sé an bhreith a thabhairt fianaise a ghlacadh i seisiún príobháideach. Is ar chúiseanna sonraithe, áfach, a thabharfar aon bhreith den sórt sin.

9. Is le meon comhoibrithe is ceart tabhairt faoi chruinnithe Coiste. Go háirithe, féachfaidh Cathaoirleach an Choiste lena chinntiú go seolfar na cruinnithe ar mhodh a bheidh ag teacht leis an bPrótocal seo, go dtabharfar éisteacht chothrom do gach finné ag an gcruinniú, agus go ndéanfar aon iarraidh ó fhinné a bhreithniú go cuí agus nach ndiúltofar go míréasúnach di.

10. Níl an Coiste faoi cheangal ag na rialacha dochta maidir le fianaise a mbíonn feidhm acu sna Cúirteanna ach beidh aird ag an gCoiste i gcónaí, le linn dó glacadh le fianaise, ar nósanna imeachta cothroma agus ar an gceartas aiceanta, agus ar chearta na ndaoine sin a ndéanann an fhianaise sin difear dóibh.

Cuspóir an Chruinnithe

11. Aontóidh an Coiste an cuspóir leathan a bheidh leis an gcruinniú agus beidh sé sin de réir Théarmaí Tagartha an Choiste. A mhéid is féidir, cuirfear in iúl d'fhinnéithe, roimh a ndáta teacht i láthair, céard iad na réimsí leathana a mbeidh ionchas ann go dtabharfaidh siad fianaise nó cúnamh eile ina leith. Cuirfidh sé sin ar chumas na bhfinnéithe an cúnamh is fearr is féidir a thabhairt do Choistí le linn a gcuid pléití. Is faoin gCoiste atá sé breith a thabhairt i dtaobh an dtabharfar cuireadh d'fhinnéithe agus, más ea, i dtaobh cé hiad na finnéithe sin a dtabharfar cuireadh dóibh.

Cumarsáid le Finnéithe

12. De ghnáth, is tríd an gCléireach a eiseofar míreanna cumarsáide ón gCoiste chuig finnéithe.

13. Maidir leis na míreanna cumarsáide ina n-iarrfar ar dhaoine nó ina n-ordófar do dhaoine (i.e. ina gcuirfear iallach orthu) teacht i láthair, eiseofar iad go hiondúil tráth nach déanaí ná **deich lá féilire** roimh dháta beartaithe an chruinnithe.⁵ Is i scríbhinn a dhéanfar an chéad cumarsáid seo le finné, agus tabharfar mionsonraí teagmhála do Chléireach an Choiste inti agus leagfar amach inti dáta, am agus suíomh an chruinnithe bheartaithe agus na réimsí leathana a bheidh le breithniú lena linn.

⁵ Mar a luaitear thuas, más rud é gur ordaíodh duit fianaise a thabhairt, féach ar na **Treoirínte d'Fhinnéithe maidir le hinordaitheacht** freisin.

14. Más indéanta, leagfar amach freisin sa chumarsáid sin na réimsí leathana a gcreideann an Coiste gur féidir leis an duine sin fianaise a thabhairt ina leith, agus iarrfar ar an duine:

(a) a dhearbhu go bhfuil sé nó sí ar fáil chun teacht i láthair ar na dátaí a bheidh sonraithe;

(b) más iomchuí, ráiteas i scríbhinn a dhéanamh;

(c) aon iarrataí eile a dhéanamh ar mian leis nó léi go ndéanfadh an Coiste breithniú orthu (lena n-áirítear, más mian leis nó léi duine a thabhairt ina theannta nó ina teannta).

15. Sa chéad chumarsáid sin, cuirfear ina luí ar na finnéithe gur go poiblí a thagann Coistí le chéile mura mbeidh imthosca eisceachtúla ann a fhágfaidh gur gá cruinniú príobháideach a thionól.

16. Tabharfar freisin do na finnéithe beartaithe na nithe seo a leanas:

(a) cóip den Phrótocal seo; agus,

(b) *Bileog Faisnéise 5: Aighneachtaí agus Cuir i Láthair a Dhéanamh chuig Coistí Oireachtais.*

17. Féachfaidh Cléireach an Choiste nó comhalta foirne a bheidh ag gníomhú thar ceann an Chléirigh leis an bhfaisnéis seo a leanas a sholáthar do gach finné i scríbhinn, **cúig lá féilire** roimh an gcrúinniú iomchuí den Choiste:

(a) dáta, am agus suíomh an chruinnithe, an fad a cheaptar go mairfidh sé, sosanna beartaithe agus amchlár tásach;

(b) cibé acu an i seisiún poiblí nó príobháideach a thionólfar an cruinniú (agus, ag an am céanna, á chur in iúl don fhinné go mbíonn sé de rogha ag an gCoiste i gcónaí an cruinniú a iompú ina sheisiún príobháideach ó sheisiún poiblí agus *vice versa*)⁶;

(c) sceideal de dhoiciméid a bhféadfadh sé gur mian leis an gCoiste tagairt a dhéanamh dóibh i gcaitheamh an chruinnithe (agus beidh siad sin teoranta de ghnáth do dhoiciméid a bhfuil, nó a mbeadh, teacht ag an bhfinné orthu, lena n-áirítear iad sin a bheidh tugtha don duine le breith ón gCoiste); agus

(d) liosta tásach d'ainmneacha na ndaoine a bhfuil beartaithe go dtiocfaidh said i láthair ag an gcrúinniú (lena n-áirítear comhaltaí Coiste agus finnéithe eile, seachas finnéithe a mbeidh anaithnideacht deonaithe dóibh, etc.) Féachfaidh an Cléireach le haon athrú ar mhionsonraí na bhfinnéithe a bheidh i láthair ag an gcrúinniú a chur in iúl duit de réir mar thiocfaidh aon athrú den sórt sin chun cinn.

Ráitis i Scríbhinn

18. Féadfaidh an Coiste ráiteas i scríbhinn a iarraidh⁷ roimh an gcrúinniú agus féadfaidh an duine lena mbaineann ráiteas i scríbhinn a sholáthar ar aon nós más mian leis nó léi é. Bítear ag súil go gcomhlíonfaidh na finnéithe iarrataí réasúnacha ón gCoiste maidir le struchtúr, fad nó ábhar na ráiteas a bheidh le cur faoina bhráid.

19. Ar mhaithe lena chumasú don Oireachtas a chuid oibleagáidí faoin Acht um Míchumas, 2005 a chomhlíonadh, iarrtar ar fhinnéithe, a mhéid is indéanta, a ráitis a chur le ríomhphost i bhformáid Word chuig Cléireach an Choiste.

⁶ Más rud é gur iarradh seisiún príobháideach ach gur thug an Coiste breith an fhianaise go léir nó cuid di a éisteacht go poiblí, nó más rud é gur iarr an finné nach ndéanfaí é nó í a shainaithint, ach nach bhfuil an Coiste sásta géilleadh don iarraidh sin, tabharfar na cúiseanna a bhí leis na breitheanna sin.

⁷ In imthosca áirithe, bíonn an chumhacht ag Coiste a ordú duit (i.e. iallach a chur ort) ráiteas a thabhairt. Mar a luadh thuas, má tá ordachán den sort sin faighte agat, féach ar na **Treoirínte d'Fhinnéithe maidir le hInordaitheacht**.

20. Déileálfar leis na ráitis go léir a bhaineann le fianaise a bheidh le héisteacht go poiblí mar ráitis is féidir a fhoilsiú mura rud é go dtabharfar cúiseanna nár cheart iad a fhoilsiú agus go n-aontóidh an Coiste nár cheart an ráiteas a fhoilsiú. Mura mbeidh an Coiste tar éis aontú amhlaidh, cuirfear an méid sin in iúl duit agus tabharfar deis duit do ráiteas a leasú nó a tharraingt siar. Is é an Coiste thabharfaidh an bhreith chríochnaitheach i dtaobh an ndéanfar an ráiteas go léir nó cuid de a fhoilsiú.

21. Is ceart ráitis a chur chuig Cléireach an Choiste ionas go mbeidh siad aige nó aici **dhá lá oibre** ar a laghad roimh dháta an chruinnithe mura rud é gur iarradh iad a bheith aige nó aici tráth is luaithe ná sin. Féadfar na ráitis sin a scaipeadh ar fhinnéithe eile agus ar chomhaltaí an Choiste, mura rud é go mbeidh faisnéis rúnda iontu a mbeidh an finné tar éis í a dhealú go soiléir mar fhaisnéis rúnda, agus go mbeidh an Coiste tar éis a aontú gur faisnéis rúnda í iarbhír. Mura mbeidh an Coiste tar éis aontú amhlaidh, cuirfear an méid sin in iúl duit agus tabharfar deis duit do ráiteas a leasú nó a tharraingt siar.

22. De ghnáth, aon doiciméid a scaiptear ar chomhaltaí den Choiste, lena n-áirítear doiciméid a bheidh curtha faoi bhráid an Choiste ag finnéithe, is “doiciméid de chuid Coiste”⁸ iad. A luaithe a fhoilsítear doiciméad den sórt sin de chuid Coiste, is doiciméad faoi phribhléid é.⁹ Tagraíonn pribhléid do chrios nó réimse díolúine dlíthiúla. I gcás doiciméid de chuid coiste a thiocfaidh chun bheith ina ndoiciméid faoi phribhléid, ciallaíonn sé sin go bhféadfadh go mbeadh cosaint pribhléide agat in imeachtaí mar gheall ar chlúmhilleadh i leith aon líomhaintí atá sna doiciméid sin.

Ag an gcruinniú

Ról an Chathaoirligh

23. Tá Cathaoirleach an Choiste freagrach as an gcruinniú a sheoladh agus as a chinntiú go reáchtálfar é ar bhonn ordúil iomchuí cothrom. Má tá ábhar imní ag finné maidir le haon ghné acu sin i gcúrsa cruinnithe, is ceart dó nó di an méid sin a lua leis an gCathaoirleach.¹⁰

Pribhléid

24. Mura rud é go gcuirfidh Cathaoirleach an Choiste a mhalairt in iúl d’fhinné, beidh finnéithe faoi phribhléid iomlán i leith na fianaise a sholáthróidh siad don Choiste.¹¹ Ciallaíonn sé sin go mbeidh, i gcoitinne, cosaint iomlán ag finnéithe in aon chaineán mar gheall ar chlúmhilleadh i ndáil le haon rud a bheidh ráite i gcruinniú Coiste. Iarrtar ar fhinnéithe gan mí-úsáid a bhaint as an bpribhléid sin, ámh, agus d’fhéadfadh sé go n-ordófaí dóibh scor de bheith ag tabhairt fianaise maidir le saincheist, ar ordachán ón gCathaoirleach.

25. Ní bheidh feidhm ag pribhléid in aghaidh clúmhillte maidir le foilsiú agatsa, lasmuigh de na cruinnithe a sheolfadh an Coiste, ar aon nithe a eascróidh as an gcruinniú.

Cearta daoine a shainaitheofar ó do chuid fianaise

26. Más rud é go ndéanfaidh tú duine nach bhfuil i láthair ag cruinniú Coiste a shainaitheofaí faoina ainm nó a hainm nó é nó í a fhágáil inaitheanta ar shlí eile, féadfaidh an Coiste, dá rogha féin, tras-scríbhinn ar na himeachtaí a chur chuig an duine sin. Má chreideann an duine sin go bhfuil dearmaid fíorais nó ráitis

⁸ Féach a.92 den Acht Fiosrúchán.

⁹ Tabhair do d’aire freisin an chumhacht faoi a.92(4) trína bhféadfaidh doiciméad scor de bheith ina dhoiciméad de chuid Coiste má chinneann an Coiste amhlaidh. Má dhéantar é sin, ní bheidh an doiciméad faoi phribhléid a thuilleadh in aghaidh clúmhillte. In a.2 den Acht Fiosrúchán, mínítear “foilsiú” mar a leanas: *ciallaíonn “foilsiú”, i ndáil le ráiteas, caint, líomhain nó doiciméad, foilsiú don phobal nó d’aicme den phobal;*

¹⁰ Féach freisin an chumhacht reachtúil chun “fógra agóide” a thabhairt don chathaoirleach faoi a.94 den Acht Fiosrúchán. Má ordaítear duit fianaise a thabhairt, d’fhéadfadh go mbeidh cearta reachtúla eile agat chun nithe a ardú leis an gCoiste. Chun tuilleadh faisnéise a fháil féach ar na Treoirínte d’Fhinnéithe maidir le hInordaitheacht.

¹¹ Féach freisin ar a.17 den Acht um Chlúmhilleadh, 2009.

mhíchearta sa tras-scríbhinn (lena n-áirítear ráiteas mícheart a eascróidh as mainneachtain cur síos a thabhairt ar an gcomhthéacs) maidir leis nó léi, féadfaidh sé nó sí aighneacht a chur chuig an gCoiste.

An t-ionchas a bheidh ag an gcoiste i leith finnétithe

27. Beidh ionchas ann:

- (a) go dtiocfaidh tú i láthair ag an gcruinniú nuair a thugtar cuireadh duit nó nuair a ordaítear duit déanamh amhlaidh;
- (b) go dtiocfaidh tú i láthair go poncúil ag an gcruinniú agus go gcuirfidh tú tú féin in aithne don fhoireann;
- (c) go gcuideoidh tú leis an gCoiste, a mhéid is féidir, i ndáil lena bhreithniú ar nithe a bhaineann leis na réimsí ar ina leith a iarradh ort cúnamh a thabhairt, trí fhianaise a thabhairt ar mhodh freagraí iomchuí achoimre iomlána ar na ceisteanna a chuirfear ort;
- (d) go ndéanfaidh tú na doiciméid a éileoidh an Coiste a thabhairt dó;
- (e) go gcinnteoidh tú gur doiciméad dÍlis cruinn iomlán aon doiciméad a thabharfaidh tú don Choiste;
- (f) go ndéanfaidh tú aon fhianaise iomchuí a chaomhnú;
- (g) go ndéanfaidh tú tú féin a iompar go cuí;
- (h) go léireoidh tú meas ar fhinnétithe eile;
- (i) go gcuideoidh tú i gcoitinne obair an chruinnithe Coiste a chur chun cinn.

Mar a chaithfear le finnétithe

28. Féadfaidh finnétithe ionchas a bheith acu go gcaithfear leo go cothrom, le meas agus le tuiscint.

29. Tabharfaidh an Cathaoirleach agus comhaltaí an Choiste aird chuí ar iarrataí réasúnacha ó fhinnétithe ar thacaíocht agus cúnamh. Féachfaidh siad freisin leis na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- (a) finnétithe neirbhíseacha nó soghonta a chur ar a suaimhneas;
- (b) aire ar leith a thabhairt d'fhinnétithe soghonta;
- (c) freastal a dhéanamh ar fhinnétithe a bhfuil riachtanais speisialta acu;
- (d) finnétithe a choinneáil ar an eolas maidir le moill ar bith;
- (e) a chinntiú go bhfuil tuiscint ag finnétithe ar an gcruinniú ina bhfuil páirt acu;
- (f) a chinntiú go n-urramófar ceart an duine chun a dhea-cháile nó a dea-cháile;
- (g) a chinntiú go gcaithfear go measúil le finnétithe.

30. Féadfaidh finnétithe ionchas a bheith acu go mbeidh feidhm ag na caighdeáin seo a leanas maidir le cruinnithe Coiste:

- (a) beidh tú ar an eolas faoi na réimsí leathana a bheidh faoi bhreithniú ag an gcruinniú ar iarradh ort teacht i láthair aige (más féidir, beidh an fhaisnéis sin agat roimh an gcruinniú) agus ní chuirfear ceisteanna ort ach amháin maidir le nithe a bhaineann leis na réimsí sin;
- (b) aon ghealltanas agus gach gealltanas a tugadh duit, lena n-áirítear gealltanais go ndéanfar anaithnideacht finnétithe a chosaint más iomchuí, déanfar é a urramú;
- (c) ar leith ó chásanna ina n-ordófar duit (i.e. ina gcuirfear iallach ort) fianaise a thabhairt faoin Acht Fiosrúchán,¹² déanfar breith uait gan ceist a fhreagairt ar chúis shonraithe a urramú. Má bhíonn tagairt sa chúis shonraithe do ní a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach do sheisiún príobháideach (e.g. má bhaineann

¹² Más finné tú dár tugadh ordachán fianaise a thabhairt faoin Acht Fiosrúchán, féach ar na Treoirínte d'Fhinnétithe maidir le hInordaitheacht.

sé le faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de nó atá faoi rún ar shlí eile), féadfaidh an Coiste an cruinniú a iompú ina sheisiún príobháideach chun déileáil leis an tsaincheist áirithe sin.

(d) ní chuirfear ceisteanna ar fhinnéithe ná ní bheidh finnéithe páirteach ar shlí eile i bplé ar nithe atá *sub judice* ach amháin mar a fhoráiltear i mBuan-Orduithe Dháil Éireann agus nó Sheanad Éireann.¹³ Má tá ábhar buartha ag finné ina leith sin, is ceart an t-ábhar buartha sin a chur in iúl don Chathaoirleach a luaithe is féidir;

(e) le linn seisiún poiblí ní dhéanfar tagairt, i gcoitinne, d'fhaisnéis a pléadh le linn seisiún príobháideach;

(f) ní chuirfear finnéithe faoi cheistiú rófhada ná ní cheanglófar orthu a bheith i láthair ag cruinnithe ar feadh tréimhse fhada mhírreasúnach. Go hiondúil—

i. ní cheanglófar ort a bheith i láthair ná fianaise a thabhairt ná dul faoi cheistiú ag comhaltaí ar feadh tréimhsí is faide ná trí huaire an chloig;

ii. i gcás go n-éileofar ort a bheith i láthair ar feadh tréimhsí is faide ná sin, cuirfear an cruinniú ar fionraí ar feadh tréimhse chúig [15 nóiméad ar a laghad] tar éis aon tréimhse cheistiúcháin a mhairfidh trí huaire an chloig;

iii. ní dhéanfar tú a cheistiú go leanúnach ar feadh tréimhse is faide ná trí huaire an chloig gan toiliú sainráite a bheith tugtha agatsa chun leanúint ar aghaidh;

iv. más rud é go mbeidh sé curtha in iúl ag finné don Choiste roimh an dáta teacht i láthair, nach mbeidh sé nó sí in ann, de dheasca imthosca eisceachtúla pearsanta,¹⁴ dul faoi na gnáth-thréimhsí cheistiúcháin, féadfaidh an Coiste sosanna níos minice a chur ar an sceideal.

31. Más státseirbhíseach, comhalta de na Buan-Óglaigh nó comhalta den Gharda Síochána thú nó más *“duine iomchuí”*¹⁵ faoin Acht Fiosrúchán thú, féadfaidh tú fianaise a thabhairt d'fhonn fíoras a shuíomh agus cuntas fíorasach a thabhairt don Choiste faoi ní. Ní ceadmhach iallach a chur ort tuairim a nochtadh (ná ní ceadmhach duitse tuairim a nochtadh de do dheoin féin) maidir le tuillteanais aon bheartais de chuid an Rialtais ná Aire den Rialtas.¹⁶ Thairis sin, má ordaítear duit doiciméad a thabhairt do Choiste a gcreideann *“duine cuí”*¹⁷ (arb é nó í, go bunúsach, do Phríomh-Oifigeach nó d'Ard-Rúnaí) go bhfuil ábhar ann ina bhfuil nochtadh tuairime i dtaobh beartas de chuid an Rialtais nó Aire den Rialtas, ní foláir dó nó di dul i mbun oibre leat chun an doiciméad sin a chur in eagar más gá.¹⁸ Féach ar alt 93 den Acht Fiosrúchán, má bhaineann an t-alt sin leat, chun teacht ar na mionsonraí go léir maidir lena oibriú.

32. Más dóigh leat, tráth ar bith, maidir le haon ní nach bhfuiltear ag déileáil leis de réir an Achta Fiosrúchán nó de réir dlí eile, is ceart duit na saincheisteanna sin a lua leis an gCathaoirleach ar bhonn neamhfhoirmiúil. Ina ionad sin, nó más dóigh leat nár pléadh go sásúil leis na saincheisteanna a d'ardaigh tú go neamhfhoirmiúil, féadfaidh tú fógra agóide a thabhairt don Chathaoirleach de réir alt 94 den Acht Fiosrúchán. Breithneoidh an Coiste an fógra ansin agus, má aontaíonn sé leis an méid atá ráite san fhógra, féadfaidh sé gníomh a dhéanamh ar scór an chéanna.¹⁹ Má easaontaíonn an Coiste leis an méid atá ráite san fhógra, beidh an finné i dteideal iarratas a dhéanamh chun na Cúirte ar ordacháin.²⁰

¹³ Féach Buan-Ordú 57 (Dáil Éireann) nó Buan-Ordú 47 (Seanad Éireann)

¹⁴ D'fhéadfadh go bhfolódh sé sin, mar shampla, easláinte thromchúiseach. Má mheasann finnéithe go bhfuil imthosca pearsanta eisceachtúla acu, is ceart dóibh aon doiciméadacht tacaíochta ina leith a thabhairt don Choiste.

¹⁵ Féach a.93(4)

¹⁶ Féach a.93.

¹⁷ Féach a.93(4)

¹⁸ Féach a.93(2) agus (3)

¹⁹ Féach a.94(3)(a) go (c).

²⁰ Féach a.94(4) den Acht Fiosrúchán

Ina ionad sin, féadfaidh an Coiste iarratas a dhéanamh go díreach chun na Cúirte ar ordacháin maidir leis an bhfógra agóide. Má dhéantar ceachtar de na bearta sin, féadfaidh an Coiste scor den ní a fhiosrú.²¹

Teacht i láthair ag cruinnithe agus cruinnithe a chraoladh

33. Féadfaidh na meáin agus daoine den phobal a bheith i láthair ag cruinnithe poiblí, agus féadfar iad a chraoladh ar an teilifís nó ar an raidió, nó iad a shruthú ar an idirlíon de réir na Rialacha Tuairisceoireachta.²²

Féadfaidh Duine a bheith i dTeannta Finnéithe

34. D'fhéadfadh sé go mba mhian le finnéithe go mbeadh duine ina dteannta i gcruinnithe, mar shampla cara, comhghleacaí, comhairleoir nó ionadaí ceardchumainn, a d'fhéadfadh suí in aice leo dá gceadófaí dóibh teacht i láthair. Maidir le cruinnithe a sheolfar i seisiún poiblí, is iondúil go bhféadfaidh cairde agus comhghleacaithe eile teacht i láthair mar dhaoine den phobal agus suí san áiléar poiblí. Más mian le finné ar aon chúis go mbeidh duine ina theannta nó ina teannta le linn dó nó di fianaise a thabhairt, is ceart dó nó di iarraidh a dhéanamh chuige sin, agus an tráth is fearr chun sin a dhéanamh ná an tráth a gheobhaidh sé nó sí cuireadh chun fianaise a thabhairt den chéad uair.²³

35. Déanfaidh an Coiste gach iarraidh den sórt sin a bhreithniú, cás ar chás. Ach amháin in imthosca eisceachtúla, bítear ag súil go dtiocfaidh finnéithe i láthair ag cruinnithe Coiste ina n-aonar. Is imthosca eisceachtúla iad, mar shampla, finné a bheith faoi mhíchumas. Tabhair do d'aire, áfach, nach n-íocfaidh an Coiste na caiteachais a thabhófar de bhua aon duine a bheith i dteannta finné ach amháin i gcás ina gceanglaítear sin le dlí.

36. Ní cheadófar do dhuine a bheidh i dteannta finné aitheasc a thabhairt don Choiste ná labhairt thar ceann finnéithe ach amháin i gcás go mbeidh sé sin comhaontaithe ag an gCoiste. Ceadáitear cumarsáid idir an finné agus an duine a bheidh ina theannta nó ina teannta, ach ní ceart go gcuirfeadh sé sin isteach ar an gcruinniú.

Nithe ilghnéitheacha is iomchuí maidir leis an gcruinniú a thionól

37. Féadfaidh an Coiste, dá rogha féin, ráitis i scríbhinn ó dhaoine/ ó chomhlachtaí nach bhfuair cuireadh teacht i láthair ag cruinniú a chur i gcuntas agus, i gcás go gcuirfeadh i gcuntas amhlaidh iad, foilseoidh an Coiste iad ina n-iomláine, faoi réir na treorach thuas maidir le rúndacht.

Tar éis an Chruinnithe

Fianaise a Fhoilsiú

38. Is é 'tuairisc oifigiúil na ndíospóireachtaí' an frása a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar an taifead a choimeádtar ar an bhfianaise a thugann finné ag cruinniú Coiste poiblí. I gcoitinne, taifead focal ar fhocal a bhíonn sa tuairisc oifigiúil go substainteach cé nach taifead den sórt sin amach is amach í toisc go nglactar leis gur gá mionearthóireacht a dhéanamh ar an bhfocal labhartha chun go n-oirfidh sé do lucht léitheoireachta seachas do lucht éisteachta. É sin ráite, i gcásanna ina mbíonn fianaise á thabhairt faoi mhionn, déantar taifead focal ar fhocal ar an bhfianaise a thugtar. Foilsítear an tuairisc oifigiúil ina hiomláine i gcónaí (i.e. ní dhéantar aon chodanna di a chur in eagar.)

²¹ Chun na mionsonraí go léir a fháil faoin nós imeachta seo, féach a.94 den Acht Fiosrúchán.

²² Leagtar amach na rialacha maidir le cruinnithe a chraoladh i mBuan-Ordú 116 de Bhuan-Orduithe Dháil Éireann i dtaobh Gnó Phoiblí agus i mBuan-Ordú 97 de Bhuan-Orduithe Sheanad Éireann i dtaobh Gnó Phoiblí (a bhfuil teacht orthu ar www.oireachtas.ie). Foráiltear leo sin, *inter alia*, "nach ndéanfar taifeadtaí ná sleachta de na himeachtaí a úsáid i gcláir siamsaíochta, i gcláir aoire polaitiúla, i gcrailtaí páirtithe polaitíochta ná in aon chineál fógraíochta ná poiblíochta, seachas i bhfoirm tréiléar do chláir nuachta agus cúrsaí reatha..."

²³ Más rud é go n-ordaítear duit (i.e. go gcuirtear iallach ort) teacht i láthair os comhair an Choiste, tá tú i dteideal, faoi Bhuan-Ordú 83A de Bhuan-Orduithe Dháil Éireann i dtaobh Gnó Phoiblí, cleachtóir dlí a bheith i do theannta. Tuilleadh eolais ar fáil sna Treoirínte d'Fhinnéithe maidir le hInordaitheacht.

39. Maidir le finnéithe a thugann a gcuid fianaise go poiblí, déanfar, i gcoitinne, an tuairisc oifigiúil ar fhianaise gach finné a chur ar www.oireachtas.ie a luaithe is indéanta tar éis a gcuid fianaise a bheith tugtha. Féadfar freisin tuairisc oifigiúil na ndíospóireachtaí a chur i gceangal le haon tuarascáil a fhoilseoidh an Coiste i ndeireadh báire.

40. I gcás fianaise a thabhairt i gcrúinniú a sheoltar i seisiún príobháideach, féadtar fuaimthaifeadadh a dhéanamh ar an bhfianaise sin. Is é is cuspóir leis an taifeadadh sin cúnamh a thabhairt don Chléireach miontuairiscí an chruinnithe a thiomsú. Ní dhéanfar tras-scríbhinn ar an bhfianaise (i bhfocail eile, tuairisc oifigiúil ar na díospóireachtaí) a ullmhú, a chur i gcló ná a fhoilsiú mura mbeidh tairiscint rite ag an Teach á cheadú sin go sonrach. Má bheartaítear tairiscint den sórt sin a mholadh, cuirfear an méid sin in iúl d'aon fhinné a thug fianaise i seisiún príobháideach agus tabharfar deis dó nó di aighneachtaí a dhéanamh chuig an gCoiste maidir leis an tairiscint bheartaithe.

Tuilleadh fianaise

41. Aon fhinné ar mian leis nó léi tuilleadh fianaise a thabhairt, is ceart dó nó di dul i dteagmháil le Cléireach an Choiste. Déanfaidh an Coiste iarrataí den sórt sin a bhreithniú go cúramach. Más mian leis an gCoiste finné a athghairm, tabharfaidh Cléireach an Choiste fógra cuí ina leith sin.

42. Féadfaidh an Coiste breith a thabhairt freisin, aon tráth sula dtabharfaidh sé a thuarascáil, tuilleadh fianaise ó bhéal nó i scríbhinn a lorg nó a ghlacadh ó fhinné nó ó fhinnéithe, i ndáil le gné ar leith den ní atá á scrúdú nó i ndáil leis an ní i gcoitinne.

Tuarascáil ón gCoiste

43. Ní dhéanfar i dtuarascáil ó Choiste aon fhionnachtana fórais a chuirfeadh i gcoinne dea-cháil pearsan aonair ainmnithe nó pearsan aonair atá inaitheanta ar shlí eile. Tá sé de rogha ag an gCoiste a dréacht-tuarascáil a thabhairt do phearsana aonair áirithe, lena n-áirítear d'aon duine a ainmnítear nó atá inaitheanta ar shlí eile nó do dhuine a ndéanann aon fhionnachtain bheartaithe nó moladh beartaithe sa dréacht-tuarascáil difear suntasach dó nó di. Aon duine a roghnóidh an Coiste an dréacht-tuarascáil a thabhairt dó nó di, féadfar deis a thabhairt dó nó di aighneachtaí a dhéanamh maidir le hábhar na tuarascála, lena n-áirítear aighneacht a dhéanamh i dtaobh ar cheart aon fhaisnéis a eisiáimh uathí. Tabharfaidh an Coiste breith ansin i dtaobh an ndéanfar an tuarascáil a leasú, ar bhonn na n-aighneachtaí a bheidh déanta.

44. I gcás fianaise a bheith tugtha i gcrúinniú a seoladh i seisiún príobháideach, déanfaidh an Coiste breithniú cúramach i dtaobh conas is fearr leas a bhaint as an bhfianaise sin agus í a mhíniú go poiblí. Féadfaidh sé freisin mionsonraí faoin bhfianaise a fhoilsiú, más cuí, agus i gcás go mbeidh toiliú tugtha ag an bhfinné ina leith sin agus sa chás sin amháin. Déanfar an méid sin agus aird chuí á tabhairt ar an dlí (lena n-áirítear na dlíthe maidir le sárú rúndachta) agus ar rialacha agus Buan-Orduithe na dTithe.

45. Déanfar Tuarascálacha an Choiste a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Oireachtais www.oireachtas.ie.